**2020/2076(INI)**

17.9.2020

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

maidir le straitéis thionsclaíoch nua don Eoraip
(2020/2076(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Danilo Oscar Lancini

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur cheart tacú le hearnáil tionsclaíochta AE sa téarnamh iar-COVID-19 ar bhealach as a n-eascróidh aistriú chuig tionscal athléimneach, inbhuanaithe, neamh-thruaillithe, ciorclach, neodrach ó thaobh na haeráide de, digitithe agus iomaíoch, trína mbeidh gach earnáil ag rannchuidiú leis an gcuspóir i dtaobh neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus le cosaint an chomhshaoil;

B. de bhrí go bhfuil an earnáil tionsclaíochta ríthábhachtach maidir le dul chun cinn agus rathúnas na hEorpa amach anseo; de bhrí gurb ionann í agus os cionn 20 % de gheilleagar AE, agus go bhfostaítear thart ar 35 milliún duine inti; de bhrí go bhfuil bonn tionsclaíoch láidir bunriachtanach do rath an aistrithe ghlais;

C. de bhrí go bhfuil tionscail na hEorpa ag brath go mór faoi láthair ar acmhainneacht thionsclaíoch agus amhábhair tríú tíortha; de bhrí gur léirigh paindéim COVID-19 na héifeachtaí a bhí ag cailleadh mórláithreán tionsclaíoch straitéiseach i dtáirgeadh cógas agus trealaimh leighis i roinnt Ballstát, rud a d’fhág gur cuireadh isteach ar shlabhraí luacha agus gur léiríodh na leochaileachtaí i bpríomhearnálacha straitéiseacha tionsclaíocha Eorpacha, agus an gá atá ann na hacmhainneachtaí sin a chaomhnú laistigh den mhargadh aonair;

D. de bhrí gur léirigh paindéim COVID-19 go ngabhann baol méadaitheach leis na hiarrachtaí ar acmhainneachtaí cúraim sláinte a fháil trí infheistíocht dhíreach choigríche agus gur gá comhroinnt na n-acmhainneachtaí luachmhara sin laistigh den mhargadh aonair a choinneáil agus a fheabhsú;

E. de bhrí go scaoilfidh clár téarnaimh AE an tsuim gan fasach de EUR 1.85 trilliún chun infheistíocht a dhéanamh sa digiteáil agus i dtéarnamh glas do thionscal, poist agus fás AE;

F. de bhrí gur deis é téarnamh iar-COVID-19 chun inbhuanaitheacht a leabú go fírinneach sa táirgeadh tionsclaíoch agus chun dlús a chur leis an aistriú glas;

G. de bhrí gur cheart go ndéanfadh an straitéis tionsclaíochta nua don Eoraip aistriú glas cóir a éascú; de bhrí gur cheart, ar an straitéis thionsclaíoch a bheith ina straitéis cheart, agus ar í a bheith ina dlúthchuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, borradh a chur faoi phoist agus faoi dheiseanna eacnamaíocha, ár n-aeráid agus ár gcomhshaol a choimirciú do na glúine atá le teacht agus a bheith ina beartas ceannródaíoch ba cheart a bheith ina chuidiú le geilleagar na hEorpa a atógáil ar bhealach inbhuanaithe;

H. de bhrí go bhfuil sé riachtanach go réiteodh an straitéis thionsclaíoch an bealach d’aistriú digiteach agus aistriú glas thionscal na hEorpa, agus fós iomaíochas, rathúnas agus poist na hEorpa a chaomhnú, agus tacú le tionscal na hEorpa a bheith níos athléimní, níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, níos iomaíche ar bhonn domhanda agus níos digitithe; de bhrí nach é aistriú tionscal dianfhuinnimh a chumasú, agus é sin amháin, is cuspóir don straitéis tionsclaíochta, ach is é is cuspóir di freisin ná bonn tionsclaíoch

inbhuanaithe níos leithne a chruthú, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ar cuid thábhachtach de gheilleagar na hEorpa iad;

I. de bhrí go raibh drochthionchar ag iomaíocht idirnáisiúnta éagórach agus saobhadh domhanda ar iomaíochas thionscal na hEorpa; de bhrí gur minic a bhíonn cuideachtaí lasmuigh de AE faoi réir rialacháin aeráide agus chomhshaoil nach bhfuil chomh dian céanna agus go mbíonn costais saothair níos ísle acu ina dtíortha faoi seach; de bhrí gur éascaigh sé sin athlonnú thionsclaíocht na hEorpa, as ar eascair díobháil chomhshaoil agus shóisialta;

J. de bhrí gur cheart don Aontas tionchar suntasach a imirt ar ghníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide agus ar son an chomhshaoil trína mhargadh inmheánach agus trína thaidhleoireacht ghlas, agus trí cheannaireacht aeráide agus chomhshaoil a léiriú chomh maith, agus fós tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscal a sheasfaidh an aimsir agus d'ardchaighdeáin cosanta sóisialta;

K. de bhrí go léiríonn sampla AE nach bhfuil an fás eacnamaíoch agus cosaint na haeráide comheisiach, ós rud é go bhfuil astaíochtaí AE 23 % faoi bhun leibhéal 1990, agus gur tháinig méadú 61 % ar OTI AE;

L. de bhrí go bhfuil tús curtha ag tionscal AE leis an aistriú, ach gurb ionann é fós agus 20 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa AE; de bhrí go nglacann sé 25 mbliana earnáil tionsclaíochta agus a slabhraí luacha gaolmhara uile a chlaochlú;

M. de bhrí go n-athraíonn teicneolaíochtaí digiteacha íomhá an tionscail, rud a chruthaíonn samhlacha nua gnó, a fhágann gur féidir leis a bheith níos táirgiúla, a sholáthraíonn scileanna nua d'oibrithe agus a thacaíonn le dícharbónú an gheilleagair;

N. de bhrí gur chomhaontaigh na Ballstáit, de bhun Airteagal 151 CFAE, gur gá dálaí oibre feabhsaithe agus caighdeán maireachtála níos fearr d'oibrithe a chur chun cinn, ionas go bhféadfar iad a chomhchuibhiú fad atá an feabhsúchán á choimeád ar bun;

O. de bhrí gur féidir neamhshiméadrachtaí laistigh den mhargadh aonair agus pleanáil chánach ionsaitheach ag cuideachtaí ilnáisiúnta a bheith mar thoradh ar iomaíocht chánach agus ar dhifríochtaí sna rialacha cánach idir na Ballstáit, rud a fhágann na geilleagair ina ngintear an fíorluach a bheith ar díth na n-acmhainní is gá don aistriú;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar thionscal na hEorpa agus agus freagairt chomhordaithe atá dírithe ar an todhchaí a chur ar aghaidh chun téarnamh tionsclaíoch a éascú a bheidh ina shiocair leis an dá aistriú, .i.e. an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas, chuig an neodracht aeráide, chuig an gciorclaíocht agus chuig truailliú nialasach, agus fós iomaíochas agus athléimneacht a áirithiú, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. á chur i bhfáth go mbeidh ról lárnach le himirt ag gach earnáil agus ag gach slabhra luacha tionsclaíoch, agus, go háirithe na cinn atá dian ar fhuinneamh, maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ní hamháin trína lorg carbóin a laghdú, ach freisin trí dhlús a chur leis an aistriú trí réitigh teicneolaíochta atá inacmhainne agus glan a sholáthar, trí shlabhraí luacha a fhorbairt agus a chruthú le haghaidh táirgí agus próisis atá inmharthana go heacnamaíoch agus inbhuanaithe, agus trí shamhlacha gnó inbhuanaithe nua a fhorbairt;

3. á iarraidh ar na Ballstáit tacú le cruthú Plean Téarnaimh uaillmhianaigh le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) níos láidre agus cruthú acmhainní dílse nua; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart úsáid cistí téarnaimh a bheith go hiomlán i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol agus dlús a chur leis an aistriú glas;

4. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an tSaoráid Straitéiseach Infheistíochta chun tacú le hinfheistíochtaí agus príomhearnálacha Eorpacha a dhreasú le cuidiú le slabhraí luacha straitéiseacha Eorpacha a neartú agus a thógáil, agus á chreidiúint go bhféadfaí iad a chomhlánú le ciste straitéiseach um éagsúlú an tslabhra soláthair chun róspleáchas ar sholáthraithe aonair a laghdú agus chun tacú go gníomhach le cuideachtaí i ndáil leis an táirgeadh in earnálacha straitéiseacha a éagsúlú; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí reachtacha nithiúla a thíolacadh go mear chun machaire réidh éifeachtach a áirithiú agus chun príomhearnálacha a chosaint ar iomaíocht éagórach ó infheisteoirí ó thríú tíortha, arb infheisteoirí iad atá faoi úinéireacht an stáit nó atá á bhfóirdheonú ag an stát;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún cláir agus ionstraimí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a dhíriú ar théarnamh na n-earnálacha is mó atá thíos leis mar gheall ar ghéarchéim an choróinvíris, ó thaobh an gheilleagair agus an tsaothair de;

6. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé mar aidhm le Plean Téarnaimh AE infheistíocht sa tionscal aeráidneodrach agus inbhuanaithe a shlógadh; á chur in iúl gur geal léi go háirithe dúbailt na hinfheistíochta i dteicneolaíocht hidrigine glaine, toisc gur féidir le hidrigin ghlan rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le téarnamh gheilleagar AE agus leis an mbealach a réiteach do neodracht aeráide trí thacú le hearnálacha atá deacair a dhícharbónú, go háirithe earnálacha tionsclaíochta atá dian ar fhuinneamh; ag aithint an Chomhghuaillíocht Hidrigine Glaine a bheith seolta; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé d'acmhainneacht ag AE a bheith ina cheannaire i réimse na hidrigine glaine; á mheas nach mór forbairt táirgthe hidrigine glaine agus an taighde ar a acmhainneachtaí iomadúla a bheith mar thosaíocht sa straitéis tionsclaíochta don Eoraip; á iarraidh go mbeidh infheistíochtaí straitéiseacha ann chun borradh a chur faoi tháirgeadh agus úsáid na hidrigine glaine, i gcruthú líonra cumasúcháin bonneagair agus sa taighde agus sa nuálaíocht;

7. á chur i bhfios go láidir á thábhachtaí atá sé an caidreamh idir an Plean Téarnaimh, uaillmhianta aeráide agus digiteacha AE agus straitéis tionsclaíochta éifeachtach a aithint;

8. á chur i bhfáth gur cheart don Aontas a acmhainneachtaí tionsclaíocha agus teicneolaíocha a neartú trí bhíthin infheistíochtaí i bpríomhtheicneolaíochtaí glana chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte agus athléimneacht a mhéadú, lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht, iomaíochas agus dea-bhail ard shocheacnamaíoch a mhuintire agus laghdú ar neamhionannais, gan aon duine a fhágáil ar gcúl, agus atá comhsheasmhach leis na haistrithe digiteacha agus glasa, agus a rannchuidíonn leo;

9. á chur in iúl gur geal léi bunú an tsásra um aistriú cóir, lena bhféachtar lena áirithiú go dtabharfar tacaíocht d'oibrithe agus do phobail atá i ngleic le dúshláin mar gheall ar an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, agus gur féidir le cuideachtaí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí táirgthe inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé cistiú uaillmhianach a áirithiú don Chiste um Aistriú

Cóir, ar cheart dó rannchuidiú go háirithe le cruthú post inbhuanaithe agus le huasoiliúint agus athoiliúint oibrithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, ina leith sin, a aithint go bhfuil gairmoideachas agus gairmoiliúint bunriachtanach chun uasoiliúint agus athoiliúint na n-oibrithe lena mbaineann a éascú agus a chur chun cinn, agus, ar an gcaoi sin, a n-infhostaitheacht agus a gcumas dul in oiriúint do phoist nua a mhéadú; á chur i bhfáth gur cheart aistriú cóir agus laghdú ar neamhionannais a phríomhshruthú sna beartais shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil ar gach leibhéal;

10. ag tathant ar an gCoimisiún an tacaíocht don nuálaíocht a neartú go suntasach chun tionscal atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach, le haghadh glacadh teicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus le haghaidh gnólachtaí inbhuanaithe atá ar thosach an tslua, trí chur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus fós ualaí rialála nach bhfuil gá leo a sheachaint agus a dhíothú, go háirithe i gcás FBManna; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, na gníomhaíochtaí agus na deiseanna cistiúcháin a fógraíodh sa straitéis thionsclaíoch a chur chun feidhme gan mhoill; á chur i bhfáth gur cheart d'institiúidí an Aontais, do na Ballstáit, do na réigiúin, don tionscal agus do na gníomhaithe ábhartha eile go léir oibriú le chéile chun príomhmhargaí a chruthú i réimse na dteicneolaíochtaí glana agus chun a áirithiú gur ceannródaí domhanda í earnáil na tionsclaíochta san Eoraip;

11. á mheas go mbeidh taighde tionsclaíoch agus nuálaíocht thionsclaíoch (T&N) bunriachtanach chun spriocanna uaillmhianacha AE do 2030 i leith na forbartha inbhuanaithe (forbairt eacnamaíoch, forbairt chomhshaoil agus forbairt shóisialta) a bhaint amach agus chun na spriocanna fadtéarmacha aeráide agus fuinnimh a chomhlíonadh;

12. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá breis T & N chun an ghéarchéim aeráide a réiteach; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar dhálaí do ghnólachtaí agus don tionscal chun a n-iomaíochas a neartú ina leith sin;

13. ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glasa, réitigh inbhuanaithe agus deiseanna nua do chuideachtaí an Comhaontú Glas a thiontú ina straitéis nua fáis ar féidir le FBManna nuálacha tairbhe a bhaint aisti;

14. ag meabhrú don Choimisiún na héiceachórais thionsclaíocha éagsúla a chur san áireamh, d'fhonn díriú gach cláir sa straitéis thionsclaíoch a shaincheapadh, agus riachtanais na réigiún sin ina bhfuil leibhéal íseal forbartha teicneolaíochta á gcur san áireamh;

15. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún maidir leis na Moil Nuálaíochta Digití a leathnú chuig réigiúin uile na hEorpa ionas go mbeidh FBManna in ann nuálaíochtaí digiteacha a chomhtháthú, rud a chruthóidh deiseanna saorálaíochta agus oiliúna i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha;

16. á chur i bhfios go láidir gur cheart beartais AE a bheith comhleanúnach agus comhordaithe sna hearnálacha uile, agus é a bheith mar aidhm leo forluí a laghdú agus sineirgí a chur chun cinn; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá príomhshruthú na haeráide agus an chomhshaoil sna hearnálacha beartais go léir; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme i gceart agus a fhorfheidhmiú go hiomlán; á mheas gur cheart rochtain ar mhaoiniú AE a éascú, go háirithe do FBManna, san aistriú chuig geilleagar athléimneach, glas agus digiteach;

17. ag aithint go bhfuil creat comhleanúnach, intuartha agus cóir maidir le cearta maoine intleachtúla faoin straitéis chógaisíochta atá le teacht ina thoisc thábhachtach i ndáil le hiomaíochas na hEorpa a chaomhnú; á iarraidh go ndéanfar an creat sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach, go gcaomhnófar neamhspleáchas teicneolaíoch, go ndreasófar infheistíochtaí agus go ndéanfar réitigh nuálacha inbhuanaithe a chur chun cinn, agus fós leasanna tomhaltóirí agus othar a bheith ina chroílár;

18. á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh straitéis agus beartas tionsclaíochta Eorpach atá éifeachtach go fírinneach a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht uaillmhianach agus spriocanna uaillmhianacha maidir leis an aeráid ar bhonn an Dlí Aeráide, a bheidh mar threochlár chun tionscal na haimsire atá le teacht a mhúnlú, agus gach earnáil ag rannchuidiú le cuspóir na neodrachta aeráide a bhaint amach a luaithe is féidir, agus faoi 2050 ar a dhéanaí;

19. á chur i bhfáth go gcaithfear an straitéis tionsclaíochta nua a ailíniú leis an sprioc i dtaobh geilleagar aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050, agus fós a chur bhfáth nach mór beartais aeráide na hEorpa a bheith bunaithe ar fhianaise;

20. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí a chur le chéile chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí le fás eacnamaíoch, iomaíochas a mhéadú agus leas shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú;

21. ag áitiú di nach mór don straitéis tionsclaíochta bealaí a shainaithint freisin inar féidir le FBManna rannchuidiú le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus le cosaint an chomhshaoil san Aontas, agus fós na hiarrachtaí agus na beartais atá i bhfeidhm cheana a chomhlánú, agus uirlisí breise a sholáthar chun go mbeidh siad in ann a bheith bord ar bhord le haistriú glas an tionscail chuig geilleagar aeráidneodrach, agus rannchuidiú leis an aistriú sin;

22. á chur i bhfáth go bhfuil gá le machaire comhréidh domhanda; á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) i gcomhréir leis na spriocanna aeráide agus le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (CBAM) chun rannchuidiú le slabhraí monaraíochta agus luacha níos giorra a chur ar bun sa bhaile an athuair ar bhealach cliste; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag CBAM i ndáil le sceitheadh carbóin a sheachaint;

23. ag athdhearbhú go dtacaíonn sí go láidir leis an sprioc a leagtar amach i gComhaontú Glas an Choimisiúin Eorpaigh maidir le CBAM a thabhairt isteach; á iarraidh ar an gCoimisiún an t-athchóiriú sin a thabhairt chun cinn mar chuid de Chlár Oibre an Choimisiúin do 2020;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún próiseas a chur ar bhonn foirmiúil trína gcuirtear teicneolaíochtaí ísealcharbóin ar fáil do thíortha i mbéal forbartha agus trína ndéantar inacmhainne acu iad;

25. á iarraidh go ndéanfaidh comhaontuithe saorthrádála (CSTanna) comhsheasmhacht a chothú idir beartais trádála, cosanta aeráide agus comhshaoil, custaim, faireachais margaidh agus beartais thionsclaíocha i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Gh;ais don Eoraip; á iarraidh freisin go mbunófar caibidlí trádála agus forbartha inbhuanaithe infhorfheidhmithe i ngach comhaontú trádála; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cómhalartacht ardchaighdeáin shóisialta, chomhshaoil agus sábháilteachta AE a chur

chun cinn tuilleadh trí chomhaontuithe trádála agus trí bheartas custaim agus faireachais margaidh níos athléimní; ag áitiú go ndéanfaidh rialuithe custaim ar fud AE na caighdeáin chéanna a leanúint, i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhréir iomlán le prionsabal na coimhdeachta;

26. á iarraidh go mbeidh caibidlí aeráide atá éigeantach agus uaillmhianach in FTAnna; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá an dlí a bheidh ann amach anseo maidir le dícheall cuí;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún mionmheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag spleáchas na hEorpa ar allmhairí ar thríú tíortha, go háirithe i ndáil le tíortha ina bhfuil láithreacht shuntasach sa mhargadh ag an stát, agus bearta a áireamh chun aon chur isteach ar shlabhraí luacha domhanda a sheasamh, go háirithe trí bhíthin comhordú méadaithe AE agus comhpháirtíochtaí domhanda straitéiseacha;

28. ag meabhrú go bhféadfaí, de réir na straitéise tionsclaíochta, trí phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm i ngach earnáil agus tionscal, 700 000 post nua a chruthú ar fud an Aontais faoi 2030, a mbeadh go leor díobh in FBManna; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé d'acmhainneacht ag an ngeilleagar ciorclach tomhaltas fuinnimh agus acmhainní a laghdú, agus acmhainneacht agus soláthar iontaofa ábhar athchúrsáilte atá bunriachtanach don fhuinneamh glas agus do theicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú; á chreidiúint nach mór straitéis tionsclaíochta an Aontais a bheith fite fuaite leis an ngeilleagar ciorclach agus plean gníomhaíochta an gheilleagair chiorclaigh, agus a áirithiú go n-aistreofar geilleagar na hEorpa chuig geilleagar ciorclach neamhthocsaineach; á iarraidh go dtabharfar tacaíocht bhreise do chláir taighde agus forbartha lena ndírítear ar an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach sábháilte agus inbhuanaithe a chothú, agus fós réitigh nuálacha agus méadú teicneolaíochtaí atá ann cheana in earnálacha straitéiseacha a chur chun cinn;

29. á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, chun ciorclaíocht an gheilleagair a fheabhsú, nach bhfuil i mbearta ar thaobh an éilimh amhail tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn agus an úsáid a bhaintear as soláthar poiblí glas a mhéadú ach a leath, agus go mbeidh gá le hiarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun an éifeachtúlacht acmhainní agus an chiorclaíocht i bpróisis táirgthe a mhéadú; á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna agus creataí reachtacha soiléire a leagan síos chun na críche sin; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, gur fógraíodh go mbeadh creat beartais táirge inbhuanaithe ann, agus bgur geal léi bunú ceanglas maidir le hábhar athchúrsáilte éigeantaí;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna earnáilsonracha  uaillmhianacha a leagan síos le haghaidh feabhas a chur ar éifeachtúlacht acmhainní, ag tosú ó na hearnálacha is mó a bhíonn ag tarraingt ar acmhainní; á mheas go cheart treochláir a stiúrfadh aistriú na n-earnálacha éagsúla chuig an gciorclaíocht a bhunú agus a ullmhú freisin i gcomhar le comhlachais tionscail, le cuideachtaí, le ceardchumainn, leis an tsochaí shibhailta agus leis an lucht acadúil;   á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé creat soiléir faireacháin a bheith i bhfeidhm lena soláthraítear faisnéis chuimsitheach, atá ar fáil go poiblí, ar an dul chun cinn arna dhéanamh;

31. á chur i bhfios go láidir acmhainneacht an bhithgheilleagair chiorclaigh agus an tionscail foraoisbhunaithe chun tionscal iomaíoch agus inbhuanaithe a chur chun cinn; ag spreagadh na mBallstát chun infheistíochtaí agus soláthar poiblí a chur chun cinn i dtáirgí bithbhunaithe inathnuaite agus in-athchúrsáilte;

32. ag cur béim ar a thábhachtaí atá éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh chun spleáchas ar mhianta agus ar allmhairí breosla iontaise a laghdú; á chur i bhfios go láidir nach é amháin go ndéanfar laghdú ar thruailliú le laghdú ar dhramhaíl, ach go sábhálfar acmhainní luachmhara leis freisin;

33. á chur i bhfios go láidir an gá atá le laghdú dramhaíola san earnáil thionsclaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna éigeantacha a thabhairt isteach maidir le hathúsáid ábhar pacáistithe thionsclaíoch; á iarraidh go ndéanfaí comhchuibhiú ar phacáistiú sna hearnálacha gnó agus sna Ballstáit chun scéimeanna éarlaise a éascú;

34. á chur in iúl gur geal leis an fógra ón gCoimisiún maidir le straitéis ceimiceán don inbhuanaitheacht chun oibriú ionsar thruailliú nialasach i dtimpeallacht atá saor ó thocsainí; á chur i bhfáth go bhfuil tionscal ceimiceán na hEorpa ar cheann de na príomhthionscadail atá ann ó thaobh dhea-bhaill eacnamaíoch an Aontais de, cé gur ann d'easpa inbuanaitheachta i réimsí an tomhaltais fuinnimh agus an tionchair ar an gcomhshaol; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé éifeachtúlacht fuinnimh, ciorclaíocht agus truailliú nialasach a bhaint amach, go háirithe san earnáil sin;

35. ag tabhairt dá aire an rannchuidiú a dhéanann tionscal na gceimiceán le go leor luachshlabhraí straitéiseacha agus le teicneolaíochtaí agus réitigh atá neodrach ó thaobh carbóin de, tíosach ar acmhainní agus ciorclacha a sholáthar; á iarraidh go mbeadh beartas ceimiceán inbhuanaithe ann, a bheadh ailínithe leis an straitéis thionsclaíoch;

36. á chur i bhfios go láidir gur cheart straitéis thionsclaíoch na hEorpa a ailíniú go hiomlán leis an straitéis ceimiceán don inbhuanaitheacht atá ar na bacáin ar bhonn díothú substaintí guaiseacha agus ionadú do roghanna malartacha níos sábháilte, agus béim ar leith á leagan ar nochtadh do cheimiceáin amhail suaiteoirí inchríneacha a laghdú agus a chosc, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint;

37. á chur i bhfáth an gá atá le nuálaíocht a chothú i dtionscal na gceimiceán agus á aithint gur féidir leis sin réitigh ísealcharbóin iomadúla a chur ar fáil; á chur i bhfáth go bhfuil cur chun cinn na nuálaíochta agus íoslaghdú a dhéanamh ar nochtadh daoine agus an chomhshaoil do cheimiceáin ghuaiseacha ina bpríomhghnéithe san aistriú ó thionscal líneach ceimiceán go tionscal ciorclach agus inbhuanaithe, lena dtabharfaí buntáiste mór iomaíoch don earnáil ríthábhachtach seo i gcás gheilleagar na hEorpa;

38. á iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) tuarascáil a ullmhú, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), ar cheimiceáin sa chomhshaol san Eoraip; á mheas gur cheart don tuarascáil measúnú a dhéanamh ar chineál sistéamach na gceimiceán guaiseach i gcórais táirgthe agus tomhaltais na hEorpa, ar an úsáid a bhaintear astu i dtáirgí, ar a minicíocht i dtimpeallacht na hEorpa agus ar an dochar a dhéantar do shláinte an duine agus d'éiceachórais;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscal cógaisíochta bríomhar atá bunaithe ar thaighde a chaomhnú ar mhaithe le leas na saoránach agus na n-othar faoi chuimsiú beartais sláinte poiblí; á áitiú gur cheart na bearta a mholtar i straitéis chógaisíochta an Choimisiúin atá ar na bacáin a ailíniú leis an straitéis thionsclaíoch agus go ndíreofaí ar a áirithiú go leanfaidh an Eoraip de bheith ina nuálaí agus ina ceannaire domhanda i monarú cógas agus comhábhar gníomhach agus é mar chuspóir aici rochtain chothrom a áirithiú d'othair; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chógaisíochta a fhorbairt lena gcuirfear na huirlisí beartais cearta ar fáil chun an fhorbairt ar chógais

nuálacha a chothú ar mhaithe le hothair, chun creat rialála cobhsaí agus éifeachtach a áirithiú agus lántairbhe a bhaint as acmhainneacht chlaochlú digiteach an chúraim sláinte;

40. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go gcoinneodh an tAontas soláthar slán d'ábhair agus mianraí criticiúla, comhábhair chógaisíochta, cógais agus trealamh leighis; á iarraidh go neartófaí na luachshlabhraí Eorpacha chun an spleáchas ar thríú tíortha i bpríomhréimsí straitéiseacha a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit beart a dhéanamh chun slándáil an tsoláthair ar tháirgí leighis a áirithiú, chun spleáchas AE ar thríú tíortha a laghdú agus chun tacú le monarú áitiúil cógaisíochta i gcás cógais lena mbaineann mórleas teiripeach, agus tosaíocht á tabhairt do tháirgí íocshláinte a bhfuil tábhacht sláinte agus straitéiseach leo i ndlúthchomhar leis na Ballstáit; á mheabhrú nach foláir do chistiú poiblí uile a bheith coinníollach ar thrédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán na n-infheistíochtaí, ar oibleagáidí an tsoláthair ar an margadh Eorpach, agus chun an toradh is fearr d'othair a éascú, lena n-áirítear ó thaobh inrochtaineacht agus inacmhainneacht na gcógas monaraithe de; á chur i bhfáth gur cheart don straitéis an tionscal a spreagadh chun luachshlabhra éagsúlaithe agus plean maolaithe riosca maidir le ganntanas cógas a bheith ann chun dul i ngleic le haon leochaileachtaí agus rioscaí dá shlabhra soláthair; á iarraidh ar an gCoimisiún bealaí a mholadh chun a ráthú go mbeidh líonra luachshlabhra an tionscail níos athléimní, agus plean maolaithe riosca maidir le ganntanas cógas a chur ar bun chun aon leochaileachtaí agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don luachshlabhra i gcás cógais chriticiúla a bhainistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí díreacha coigríche a dhéantar i monarchana monaraíochta cógais mar chuid de bhonneagar sláinte criticiúla na hEorpa;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún a chuid rannpháirtíochta a mhéadú ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chosaint an bhonneagair sláinte criticiúla de sna Ballstáit agus tús a chur le cur i bhfeidhm an Chláir Eorpaigh um Chosaint an Phríomhbhonneagair (EPCIP) in earnáil an bhonneagair sláinte;

42. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé earnáil na cógasaíochta agus na bhfeistí leighis atá iomaíoch agus a fheidhmíonn go cuí a bheith ann chun rochtain inbhuanaithe ar chógais a áirithiú agus cúram sláinte ar ardleibhéal a ráthú d'othair AE; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún idirphlé leis na Ballstáit agus leis an geallsealbhóirí uile a éascú trí fhóram cógaisíochta a bhunú, faoi mhaoirseacht na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA), chun plé cuimsitheach a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann, *inter alia*, le hinbhuanaitheacht chógaisíochta agus le teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach i gcórais sláinte; á chur i bhfáth gur cheart don fhóram sin na cuir chuige náisiúnta éagsúla i leith praghsáil agus aisíocaíocht a chur san áireamh, mar aon le hinfheistíochtaí agus eagrú cúraim sláinte, chun infheistíochtaí táirgeachta atá san Eoraip cheana a dhaingniú, lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht, iomaíochas agus slándáil an tsoláthair san fhadtéarma; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit trí Threoirlínte *ad hoc* AE maidir leis an soláthar inbhuanaithe ar chógas faoi rialacha reatha AE maidir le soláthar poiblí a fhorbairt go sonrach, lena bhféachfar ar chritéir nach bhfuil taobh leis an bpraghas is ísle amháin, go háirithe trí chritéir na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch (MEAT), mar a thugtar orthu, a chur chun feidhme, amhail inbhuanaitheacht fhadtéarmach, iomaíocht, slándáil an tsoláthair a áirithiú agus infheistíochtaí sa taighde agus sa mhonaraíocht a spreagadh;

43. ag tacú le, i gcomhthéacs na géarchéime sláinte atá ann faoi láthair agus na ngéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, cuideachtaí AE a chur chun

cinn, táirgeacht laistigh de AE a dhreasú, spleáchas AE ar thríú tíortha a laghdú, an acmhainneacht monaraíochta a mhéadú chun táirgí áirithe a tháirgeadh, go háirithe glóthach, aerálaithe agus trealamh cosanta, chomh maith le cumais monaraíochta digití a chomhthiomsú agus a chomhordú, amhail priontáil 3T, lena bhféadfar rannchuidiú le monarú an trealaimh is gá;

44. á chur i bhfios go láidir an gá atá le hathbhreithniú agus athmheas a dhéanamh ar rialacha soláthair phoiblí AE chun machaire comhréidh a áirithiú do chuideachtaí AE, go háirithe dóibh siúd a thairgeann táirgí nó seirbhísí inbhuanaithe, amhail i réimse an iompair phoiblí;

45. á athdhearbhú a thábhachtaí atá iompar inbhuanaithe mar chuid den luachshlabhra tionsclaíoch agus á iarraidh go ndéanfaí costais sheachtracha a áireamh i bpraghas na dtáirgí; á chur i bhfáth go bhfuil an acmhainneacht agus an fhreagracht araon ar thionscail na soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe chun na haistrithe digiteacha agus comhshaoil a chur chun cinn, chun tacú le hiomaíochas tionsclaíoch na hEorpa agus nascacht a fheabhsú, go háirithe i dtionscail na ngluaisteán, an aeraspáis, an iarnróid agus na longthógála; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i soghluaiseacht astaíochtaí ísle agus i mbonneagair iompair atá athléimneach agus slán, go háirithe líonraí ardluais, agus tacaíocht bhreise a thabhairt don fhorbairt ar bhreoslaí malartacha inbhuanaithe;

46. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá soghluaiseacht ghlas i dtaca le poist nua a chruthú, borradh a chur faoi thionscal na hEorpa agus laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí ón earnáil iompair; á iarraidh go mbeadh straitéis ar mhórscála agus tuilleadh infheistíochta ann chun líonra fairsing bonneagair luchtaithe d’fheithiclí leictreacha (FL) a rolladh amach, ar líonra é ina mbeadh stáisiúin luchtaithe atá mear, iontaofa agus comhoiriúnach do FLanna;

47. ag tabhairt dá aire an ról atá ag teicneolaíochtaí ceallraí i ndícharbónú na gcóras soghluaisteachta agus fuinnimh; á chur in iúl gur geal leis Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais agus an plean gníomhaíochta straitéiseach maidir le ceallraí; á iarraidh go ndéanfaí táirgeadh ceallraí san Eoraip a chur chun cinn agus a spreagadh, mar aon le creat rialála comhtháite agus tacaíochta a chur ar bun i gcás ceallraí inbhuanaithe, i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, le cuspóirí níos forleithne AE maidir le dícharbónú agus leis an ngá atá leis an spleáchas ar amhábhair agus ar ábhair chriticiúla agus ar mhiotail ó thríú tíortha a laghdú;

48. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé luachshlabhraí inbhuanaithe i gcás ceallraí a fhorbairt do riachtanais leictrea-shoghluaisteachta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí; á chur i bhfáth gur cheart don chreat rialála nua i gcás ceallraí ceanglais inbhuanaitheachta amhail spriocanna d’athúsáid agus d’athchúrsáil, agus foinsiú amhábhar atá inbhuanaithe agus freagrach ar bhonn sóisialta a ionchorprú go hiomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíochtaí a chothú in earnáil monaraíochta ceallraí a bheidh iomaíoch agus inbhuanaithe, lena gcuirfear creat ar fáil lena n-áirítear rochtain shlán ar amhábhair, tacaíocht don nuálaíocht theicneolaíoch, agus rialacha comhsheasmhacha maidir le táirgeadh ceallraí i gcomhréir le riachtanais an gheilleagair chiorclaigh;

49. á thabhairt chun suntais gur cheart don tionscal rannchuidiú go hiomlán le cosaint na

bithéagsúlachta agus an chomhshaoil; á chur i bhfios go bhfuil os cionn an leath de OTI an domhain ag brath ar an dúlra agus ar na seirbhísí a sholáthraítear leis, le roinnt earnálacha atá ag brath go mór ar an dúlra; á thabhairt dá aire go bhfuil eastóscadh agus próiseáil acmhainní ina siocair le hos cionn 90% de chailliúint na bithéagsúlachta agus den strus maidir le hacmhainní uisce; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh an beartas tionsclaíoch Eorpach i gcomhréir le cuspóirí straitéis bhithéagsúlachta 2030 agus gur cheart prionsabal an réamhchúraim agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a urramú;

50. á chur i bhfáth, bunaithe ar chur chuige na hAon Sláinte Amháin, a ríthábhachtaí atá sé na héiceachórais nádúrtha a chaomhnú chun rochtain an chine dhaonna ar na riachtanais is bunúsaí amhail uisce óil, aer glan agus ithreacha torthúla a áirithiú; á iarraidh go ndéanfaí táscairí láidre a fhorbairt go mear chun na tionchair ar an mbithéagsúlacht a mheas agus chun a áirithiú go ndéanfar laghdú de réir a chéile ar thruailliú de réir mar a leagtar amach é i straitéis bhithéagsúlachta AE;

51. á chur i bhfios go rannchuidíonn an tionscal go mór fós le truailliú an chomhshaoil agus truailleáin á scaoileadh san aer, san uisce agus san ithir; á chur i bhfios go láidir an ról atá ag an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha i dtaca le hoibleagáidí a leagan síos i gcás fearais mhóra chun íoslaghdú a dhéanamh ar scaoileadh truailleán; ag dréim leis an bplean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach i gcás an aeir, an uisce agus na hithreach, agus leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ar cheart go mbeadh laghdú suntasach ar thruailliú tionsclaíoch mar thoradh air;

52. á chur in iúl gur geal leis a bhfuil ar intinn ag an gCoimisiún i dtaobh cur chuige níos straitéisí a ghlacadh i leith na dtionscal fuinnimh inathnuaite; á mheas gur cheart go dtacófaí go hiomlán leis na tionscail sin i bhfianaise a róil lárnaigh sna córais fuinnimh a dhícharbónú agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí; á thabhairt chun suntais freisin a thábhachtaí atá sé go leanfar céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú;

53. ag tabhairt dá aire go bhfuil ‘bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh’ ar cheann de phríomhphrionsabail an Aontais Eorpaigh, ar prionsabal é atá beartaithe chun soláthar fuinnimh atá slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a áirithiú in AE; á thabhairt chun suntais go gcuireann an rabharta athchóirithe deis iontach ar fáil d’fhoirgnimh agus d’earnáil fuinnimh AE, agus á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur le hinfheistíochtaí in athchóiriú foirgneamh; ag tabhairt dá aire an ról tábhachtach ar féidir le gníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bheith acu ó thaobh éascú agus comhordú a dhéanamh ar tionscnaimh athchóirithe de;

54. á mheabhrú go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite ar mhaithe le haistriú rathúil ionsar aeráidneodracht a bheith ann; á iarraidh go mbeadh straitéis láidir thionsclaíoch ann chun acmhainneacht fuinnimh inathnuaite a úsáid agus a leathnú chun slándáil fhadtéarmach na hEorpa ó thaobh soláthar fuinnimh, iomaíochais, ceannaireacht teicneolaíochta agus cruthú post de a áirithiú;

55. á chur i bhfáth go mbeidh gá le méideanna móra méadaitheacha de thearc-chré, tearcmhiotail, miotail chriticiúla agus táirmhiotail chun forbairt a dhéanamh ar fhuinneamh inathnuaite agus ar an ngeilleagar digiteach; á chur i bhfios go n-ídítear méideanna móra uisce leis an mianadóireacht a bhfuil gá leis don fhorbairt seo, agus gur

féidir leis sin a bheith in iomaíocht le riachtanais na bpobal áitiúil, go háirithe i réigiúin atá faoi réir an struis maidir le hacmhainní uisce; á chur i bhfáth go bhféadfaidh géarthruailliú a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí mianadóireachta i dtíortha lasmuigh de AE, lena ndéantar difear do cháilíocht an aeir, an uisce agus na hithreach agus as a leanann dífhoraoisiú agus cailliúint na bithéagsúlachta; á chur i bhfios gur i dtíortha i mbéal forbartha a bhíonn na gníomhaíochtaí mianadóireachta sin ar siúl den chuid is mó, ar lú go mór an chosaint a thugtar leis na caighdeáin saothair sna tíortha sin ná in AE, agus mar thoradh air sin, go gcuireann na dálaí oibre in oibreacha mianadóireachta sláinte agus beatha na mianadóirí i mbaol; á chur i bhfáth go mbíonn tionchar díreach ag an truailliú, ar de shiocair mhianadóireachta é, ar chóir mhaireachtála daoine áitiúla, agus go bhféadfaidh sé, san fhadtéarma, iad a ghríosú chun siúil; á chur i bhfios go bhfulaingíonn daoine áitiúla iarmhairtí indíreacha ó éilliú an uisce, an aeir agus na hithreach, agus go bhfuil tionchar mór aige sin ar a sláinte;

56. á thabhairt chun suntais go bhfuil an comhshaol agus an geilleagar ina mbonn do shochaí chuimsitheach lenar féidir linn déileáil leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí agus tairbhe a bhaint as na deiseanna a thagann chun cinn;

57. á mheas go bhfuil gá ag an Aontas Eorpach le próiseas ationsclaithe agus nuachóirithe i dtaca lena bhonn tionsclaíoch, an margadh inmheánach a neartú agus creat iomaíochta don tionscal a chruthú, lena n-áirítear straitéis éifeachtach do FBManna, chun borradh a chur faoi iomaíochas agus ceannaireacht dhomhanda na hEorpa;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún athlonnú agus éagsúlú na dtionscal Eorpach in earnálacha straitéiseacha, amhail táirgeadh fuinnimh inathnuaite agus cógasaíochtaí, nach bhfuil athléimneach cheana féin, a neartú agus a chur chun cinn;

59. á mheas gur cheart go mbeadh athlonnú na dtionscal Eorpach ina spreagadh chun réigiúin bheagfhorbartha na hEorpa a bheochan, lena n-áirítear réigiúin le daonraí ísle agus iad siúd le daonraí scaipthe, de réir mar a luaitear in Airteagal 174 CFAE; á chur i bhfáth go ndéanfadh cur chuige den sórt sin a bhfás eacnamaíoch a chur chun sinn agus go gcruthófaí go leor post, rud a d’fhágfadh, i ndeireadh na dála, go mbeidís in ann a ndaonraí a choimeád;

60. á chur i bhfáth gur cheart don straitéis a bheith bunaithe ar fhianaise agus ar an taighde eolaíoch is déanaí; ag cur béim ar a thábhachtaí atá an t-ionchur ó thionscal agus gnólachtaí na hEorpa agus an straitéis thionsclaíoch á forbairt;

61. á chur i bhfáth gur cheart go n-áiritheofaí freisin le straitéis thionsclaíoch na hEorpa go gcuirfear faisnéis atá soiléir, cuimsitheach agus sorochtana ar fáil maidir le stádas thionscal na hEorpa, go háirithe an fhaisnéis uile atá ábhartha chun tuiscint a fháil ar na hiarmhairtí sláinte agus comhshaoil a bhíonn ag táirgeadh tionsclaíoch;

62. á chur i bhfios go láidir a bhunriachtanaí atá sé cothromaíocht níos fearr a bheith ann idir fir agus mná in earnálacha tionsclaíocha, go sonrach trí mhná a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic, machnamh a dhéanamh ar ghairm sa teicneolaíocht agus dul i mbun scileanna digiteacha, lena gcuirfear, dá bhrí sin, feabhas ar an gcothromaíocht inscne maidir le fiontair a chur ar bun agus a bhainistiú;

63. ag tacú leis an gCoimisiún ina chuspóir i leith straitéis thionsclaíoch nua de chuid an

Aontais a dhearadh in iarracht tionscal níos iomaíche agus níos athléimní a bhaint amach, agus é ag dul i ngleic le turraingí domhanda;

64. á chreidiúint gur cheart don Aontas Eorpach tréaniarracht a dhéanamh straitéis thionsclaíoch shaincheaptha a tharraingt suas, a bheidh ina colún cobhsaí don Eoraip sa todhchaí, go háirithe tar éis na ngéarchéimeanna eacnamaíocha nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, de thoradh phaindéim COVID-19;

65. á chreidiúint nach foláir don straitéis thionsclaíoch ionstraimí éagsúla is infheidhme a sholáthar, a bheidh saincheaptha do gach earnáil nó éiceachóras agus a bheidh comhordaithe leis na Ballstáit, lena ndéanfar beartais agus ionstraimí na hEorpa níos éifeachtúla.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta a ghlactha** | 11.9.2020 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 64<br>–: 9<br>0: 8 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurelia Beigneux, Monika Beňová, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Miriam Dalli, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Eleonora Evi, Agnès Evren, Fredrick Federley, Pietro Fiocchi, Andreas Glück, Jytte Guteland, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Joanna Kopcińska, Ryszard Antoni Legutko, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ștefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Linea Søgaard-Lidell, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Michael Bloss, Manuel Bompard, Laura Huhtasaari, Christel Schaldemose, Inese Vaidere |

## VOTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 64 | + |
|---|---|
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Alexander Bernhuber, Traian Băsescu, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Adam Jarubas, Peter Liese, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Dan-Ştefan Motreanu, Ljudmila Novak, Jessica Polfjärd, Stanislav Polčák, Christine Schneider, Edina Tóth, Inese Vaidere, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Esther de Lange |
| S&D | Nikos Androulakis, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Miriam Dalli, Johan Danielsson, Jytte Guteland, César Luena, Javi López, Alessandra Moretti, Christel Schaldemose, Günther Sidl, Tiemo Wölken |
| Renew | Pascal Canfin, Fredrick Federley, Andreas Glück, Martin Hojsík, Jan Huitema, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Linea Søgaard-Lidell, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Nicolae Ştefănuță |
| ID | Simona Baldassarre, Marco Dreosto, Luisa Regimenti, Silvia Sardone |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Michael Bloss, Bas Eickhout, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Jutta Paulus |
| NI | Eleonora Evi, Athanasios Konstantinou, Ivan Vilibor Sinčić |

| 9 | - |
|---|---|
| ID | Laura Huhtasaari, Sylvia Limmer |
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Ryszard Antoni Legutko, Rob Rooken, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ID | Aurelia Beigneux, Catherine Griset, Joëlle Mélin |
| GUE/NGL | Malin Björk, Manuel Bompard, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Mick Wallace |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh